

Damhsa Shorcha

Cvetka Bevc



Aistriúchán: Peadar Ó Ceannabháin

focaileile
||| |

drugebesede
||| |

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union



Damhsa Shorcha

1.

An pointe a dtosaíonn inneall an eitleáin ag búiríl »180° 42' 10" ó thuaidh agus 12° 7'36" soir ó Pháras« is ea a bhuaileann an smaoineamh John Wilkinson, leifteanant de chuid Aerfhórsa SAM. Abraíonn sé na huimhreacha an athuair, suimíonn, méadaíonn agus roinneann iad, roghanna éagsúla os a chomhair, é ag lorg tearmainn san uimhríocht, an imirt le huimhreacha ina miodach go ngearrfaidh sí an faitíos agus an chuimhne ar dhó an eitleáin, sa gcaoi is go bhfuil na híomhánna stiallta, gurb in í an chúis a dtéann sé siar ina intinn ar chomhordanáidí an aerfoirt mhíleata i Nadlesk, aerfort a dtugtar Piccadily Club air ar a mhapa, i ndiaidh an phríomhbhóthair i Westminster, cé gurb é an seoladh aitheanta 100 Piccadily, ceann d'fhoirgnimh na Meiriceánach ar chríoch Shasana a chuir spórt ar fáil dá saighdiúirí le linn an Dara Cogadh Domhanda, agus a chuir stríopaigh ar fáil dóibh, go deimhin ba dhóibair go gcuirfeadh a gcuid iompair an dea-chaidreamh Angla-Meiriceánach ó rath.

Ní ag smaoineamh ar ainm an aerfoirt a bhí John Wilkinson ag an nóiméad sin, ainm a cuireadh i gcuimhne dó nuair a mhínigh páirtiseán aosta cá raibh sé suite, páirtiseán ar tugadh Detroit mar leasainm air, i ndiaidh an bhaile inar chónaigh sé, agus thapaigh sé an deis scéilín dá chuid féin a insint, ceann faoi shalann a bhaint i Mianach Salainn Detroit, áit ar chaith sé scór blianta ní amháin ag baint shalainn ach ag foghlaim na teanga, tholg sé na scoilteacha, d'fhill sé abhaile díreach roimh thús an chogaidh, é caite ar fud theach a dhearthár go dtí gur chroch na páirtiseáin leo é cúpla mí i ndiaidh ghéilleadh na hIodáile, dúradar leis go raibh na Meiriceánaigh ag teacht agus gur leosan ba chóir dó labhairt, agus níor thugadar aird ar bith ar dheartháir Detroit a bhí leis an nGarda Bán, agus bhíodh Detroit ag caint leis an gcoirnéal, mar a d'iarr sé air, ar neamhchead dá chéim mar oifigeach, ón am ar tugadh chuig ospidéal na bpáirtiseán é.

Ach níl Detroit féin ar intinn an leifteanaint ag an bpointe seo, ní réitíonn na comhordanáidí leis an bplean a aistriú ar eitleán othar chuig ceann de bhunáiteanna míleata na nIodálach.

Buaileann creathadh dosmachtaithe é de réir mar a éiríonn an t-eitleán. Níl maith a bheith ag comhaireamh a thuilleadh. Filleann na cuimhní stiallta i bhfoirm íomhá, íomhá a bhfuil sé ceaptha léiriú cruinn a thabhairt i dtuairisc uirthi níos deireanaí, dátaithe, 15 Lúnasa 1944.

Chlis ar cheann d'inniill an P38 cheana féin le linn dó grianghrafanna a dhéanamh dá chéad sprioc, níor ghar smaoineamh ar an gcúis gur theip ar na teicneoirí an earráid a aimsiú le linn seiceáil sábháilteachta na réamh-eitilt, ní mór dó dearmad a dhéanamh láithreach gur féidir le hearráidí ar eitleáin in aimsir síochána fiú a bheith marfach, gan trácht ar aimsir chogaidh, níl le déanamh aige ach eitilt leis, an tasc a chur i gcrích, is féidir a dhul chun cinn d'uireasa ceann de na hinnill, tá tábhacht le marcanna an namhad sa Ghearmáin, tá grianghraf den stáisiúin traenach i Villach le déanamh fós aige, tá an scaoileadh urchar i bhfad uaidh go fóill, níl, tá sé ag teacht níos gaire dó, caithfidh sé eitilt níos airde, ní hé an chéad uair aige a dhul i bhfostú i gcroslámhach eitleán, an seachtú huair an iarraidh seo, uimhir ádhúil í seacht, tiocfaidh sé slán, cé go bhfuil damáiste déanta ag urchair dá eitleán, tá réiteach aige ar an gcás, a aghaidh a thabhairt i dtreo chósta na hlúgsláive, samhlaíonn sé an mapa ina intinn an athuair, ní fhéadfaidh sé breathnú ar gcúl, ach casann sé a cheann dá bhuíochas, dallann an tine é, tá an tine ina shúile, a aghaidh loiscthe, ní foláir dó imeacht ón tine seo, ní daoine amháin a chailltear, cailtear eitleáin freisin, caithfidh sé léim a thabhairt as seo, níl am le slán a fhágáil ag an P38, féadfaidh sé eitleán eile a fháil, ach mar sin féin, slán leat, a chara, is geall le hainmhí gonta do gheon, caithfidh sé go bhfuil ní éigin beo istigh ina cabhail, croí miotail b'fhéidir, a haon, a dó, a cúig, comhair, comhair na soicindí, níl a mhalairt le déanamh, tá sé in am tuirlingt, cuireann oscailt na súl pian chráite air, an dorchadas á ionsaí, tír-raon cnocach, tá solas mheánlae an tsamhraidh in achrann leis na spotáí dubha ina radharc, ní foláir dó aire a thabhairt dá chosa, níl sé in ann a shúile a oscailt a thuilleadh, is measa an phian atá ag cealgadh na gcos ná ceann na súl, tá an domhan uilig dorcha anois, eanglach, meáchan na colainne ina luaidhe, a hocht, a naoi, a haon déag, leanann air á rá i dtreo is nach gcaillfidh sé mothú, é á shú mar a shúfaí i gcuaifeach, ach sula dtarlaíonn sin, deir sé arís leis féin: uimhir ádhúil í seacht.

Leanann air ag cogarnaíl, uimhir ádhúil í seacht, á rá arís is arís go ndéantar achainí de na focail, mallacht, paidir, uimhir a seacht ag guairdeall áit éigin ina bhlaosc amhail géilleadh don chinniúint; tá sé i ndeireadh thiar ar aon dul le lucht na gcnoc agus lena gclú laochais i gcathanna an Isonzo - Detroit, a raibh a athair san arm Ostra-Ungárach a d'inis dó faoi - tá an chinniúint réamhshocraithe, tugann an léargas sin ar réamhshocrú roimh chatha suaimhneas éigin don té a bhraitheann é, thuig Moslamaigh Bhoisnia má bhí sé ráite sa leabhar go raibh an bás i ndán duit, go raibh do phort seinnte, más é a mhalairt a bhí ann go mairfeá, ach is mian le leifteanant John Wilkinson fanacht beo, radharc na súl an chéad chloch ar a phaidrín, cén fáth sa deabhal ar chuireadar púicín air arís san achar gearr a thóg sé é a athrú ar shínteán ón ospidéal, faoi bhun chnoc Snežna gora, comhcheilg a dúirt Detroit, a bhí ina theannta go dtí an deireadh, bail an deabhail air, cén chaoi a bhféadfadh sé cuimhneamh ar na bearnaí, na haille agus na carraigeacha sin uilig, na crainn agus na srutháin, gan trácht ar an bplobaireacht a bhí thart air, níor fhoghlaim sé den teanga ach sláinte agus go raibh maith agat nuair a thairgeadh Detroit deoch dó, ach tá sé in ann an bindealán a bhaint dá shúile, é ag ardú na lámh cheana féin le haghaidh an t-amharc a scaoileadh, ach athraíonn sé a intinn, shocraigh i ndeireadh thiar thall gan féachaint ar a raibh gortaithe agus ag osnaíl ina aice, cé go n-aithníonn sé glór an dochtúra a chuir cóir leighis ar a shúile agus a chuir a chos bhriste ina háit, ní dhéanann sé ach corraí, é ag troid arís ar son ardcheannasaíocht uimhreacha, tá a chuid piochán lán cheana féin leis an bhfaitíos, aithníonn sé a bholadh géar, canglaíonn sé a chuid fiacla, féadfaidh sé tosú ar na bricfeastaí a dhéanadh a mháthair, roimh dhul ar scoil dó, a chomhaireamh - feictear dó gur mar seo a bhídís, purée úll, rollaí aráin as gránphlúr agus pancóga le síoróp mhailpe, sú oráiste agus uibheacha scrofa le cáis agus bagún faoi dhó sa tseachtain - tá an t-ocras á bhualadh, fós ag comhaireamh na maidineacha in Connecticut, bricfeasta ar bhord gréine, le linn an luchtaithe tosaíonn sé ar phíosa aráin a chuir duine éigin ina a lámh a changailt, roimhe seo bheireadh sé greim daingean air lena lámh dheas, chuaigh sé i gcleachtadh an ocrais agus an ghanntain bia, ní foláir do dhuine an bia a changailt go mall lena chur i gcéill go bhfuil an bolg lán, féadfaidh sé na greamanna a chomhaireamh, a cúig, a sé, ar ais, ar ais ar na huimhreacha, cniogfaidh sé a chinniúint, fiú más i muinín an aráin agus a uimhir ádhúil féin é.

Tá an bunús san uimhir, sin é an fáth a bhfuil uimhreacha i ngach áit, i gcomharthaí saoil agus báis, i ndeireadh thiar ní bhíonn sa chogadh ach sonraí, líon na n-íobartach uile scríofa i leabhar staire, rianaíonn na blianta an t-am a shíneann idir bua amháin agus an chéad cheann eile. Nó an chéad bhriseadh eile.

Agus ar iontú do bhoise tá muráite nua faighte ag na huimhreacha i gcloigeann John Wilkinson, cuireann sé a bhricfeasta go leataobh, filleann sé ar na laethanta atá caite sa tír neamhghnáth seo aige, trí lá agus fiche ó thuirling sé, déanann sé é a áireamh go scioptha, 33120 nóiméad le bheith cruinn faoi, snámh in aghaidh easa na soicindí a chomhaireamh, ach b'fhéidir nach fada eile a bheas sé

i dtuilleamaí uimhreacha, mar go mbuaileann an suaimhneas go tobann é, faoi mar a bheadh sé, in ainneoin gach ní, níos sábhailte san aer ná ar an talamh, céard air a smaoiníonn éin nuair a fheiceann siad eitleán, caithfidh sé go múineann siad an focal talamh dá gclann sula mbíonn siad in ann eitilt fiú, ionas go mbeidh a fhios acu cá dtuirlingeoidh siad - na héin, ceannasaithe an aeir, tacaíocht deirfear de chineál éigin d'eitleoirí, i ndeireadh thiar ní fhéadfaidh sé a dhearmad gur píolóta é, duine oilte de chuid Aerfhórsa Mheiriceá. B'easonórach an mhaise dósan bás a fháil ar aerárthach iompair. Ná tarlaíodh sin. D'fhágfadh a leithéid de bhás náireach smál ar mhórtas a athar, ar bhain sé leas as le snas a chur ar an mbonn iarbháis a bronnadh ar a dheartháir David, an t-aon ní dá chuid a bhí fágtha ina dhiaidh, mar gur dódh a chorp mar aon leis an eitleán, nó sin ba í an fharraige a shlog é. Agus ar an údar sin nach mór, chuir sé féin iarratas isteach lá arna mhárach, é ag súil nach sceitheadh an steiteascóp bualadh a chroí, níl ann ach buille croí brostaithe, rinne sé meangadh gáire leis an dochtúir a sméid air faoi dheifir, bhí an scuaine feithimh fada agus mífhoighdeach, d'éirigh leis an rún a bhain le laige a chroí a thabhairt slán, riocht géiniteach a chuirfeadh a athair go dtí na flaithe go hanabaí níos deireanaí, is ann a théann na dea-dhaoine, thug na focail sin faoiseamh dá mháthair, bean a chaith uaireanta fada ag féachaint ar an spéir i ndiaidh tuairisc ar bhás David. An í seo an chúis gur imigh seisean chun cogaidh mar pháilóta? Nó nach raibh ann i ndáiríre ach gur éirigh leis sa gcúrsa tosaigh eitleoireachta, agus gur oir an oiliúint ghearrthréimhse breise dó, agus i ndeireadh na dála go raibh sé sách sean glacadh leis an gcuireadh póstaer, an ceann leis an íomhá cheoch a raibh an inscríbhinn seo ag baint barr de,

To Victory U.S. Army Air Force. Ar son na bua! Ar son na spéire! Ar son David! Thug a athair bosóg dá ghuailí, bhí a mháthair ag stánadh siar ar an spéir, mar a bheadh sí á rá léi féin go n-eitleodh John suas chomh fada le David, agus fad is a bheadh sé ansin gur chóir dó a insint dó go n-athraíonn sí na bráillíní go fóill ar a leaba gach seachtain, fiú na taibhsí caithfidh siad a scíth a ligean in áit éigin.

Buaileann na focail é mar a bhuailfeadh rois philéar, téann sé ar ais ag comhaireamh na ngreamanna bia, an cúigiú ceann déag an ceann deiridh, tá an píosa aráin imithe, d'ith sé in éineacht lena chuid faitís é, tosaíonn a intinn ag obair go géar: tá an t-eitleán chomh hard agus nach sroichfidh piléir ón talamh é, agus tá a ndóthain ar aire Luftwaffe na Gearmáine gan a bheith ag gardáil an aerspáis ar Mhuir Aidriad. Ní fhéadfadh sé gan feadaíl leis luath nó mall, ar ndóigh, bhí coimhlint mhór airm aeir ag dul go haer, tá a chuid mórtais tagtha chuige arís, is cinnte i gcomparáid le roinnt de threalamh Fritz go raibh a chuid siúd gan mhairg fós, d'oscail a pharaisiút in am, d'fhéadfadh sé a dhul i ndiaidh a mhullaigh isteach i bhfarraige an dúluachair, agus a theacht slán ainneoin an fhuachta. Mar sin féin caithfidh sé a admháil gur dócha gur thuig an Luftwaffe an bealach le haire a thabhairt dá n-eitleoirí.

Ach an ní nach dtuigeann John Wilkinson, gur tugadh gléasra arm na Gearmáine chun foirfeachta ar thorthaí na dturgnamh a stiúradh sna sluachampaí géibhinn. Bhain an Dr. Sigismund Rascher leas as na príosúnaigh, faoi chúram díreach an Reichsführer SS Heinrich Himmler, le réamhathris ar dhálaí os cionn airde 20.000 méadar a dhéanamh ar inchinn na n-íobartach a tháinig slán ón gcéad thurgnamh, baineadh leas as an trealamh leighis ba nua-aimseartha le beodhioscadh a dhéanamh, ionas go bhféadfaí leas a bhaint as torthaí an taighde le trealamh an aerfhórsa a thabhairt chun foirfeachta. Cultacha an Luftwaffe a bhí á gcaitheamh i gcónaí ag an dream a bhí á dtástáil. B'fhéidir nárbh ann do shluachampaí géibhinn Meiriceánach, ach bhí córás bolscaireachta acu a bhí inchurtha le gléasra deamhanta an Reichstag. Fiafraíodh de dhaoine, ocht mbliana déag d'aois ar champa aclaíochta de chuid chabhlach SAM, an smaoinoidís ar pháirt a ghlacadh i dtástáil éifeachta an éide nua cosanta agus na mascanna dín ar ghás nimhiúil, ar léiríodh a chuid uafáis sa Chéad Chogadh Domhanda,

agus is cinnte gur chuidigh sin leis an Dara Cogadh Mór a bhrostú chun críche. D'fhulaing beagach gach rannpháirtí iliomad dó taobh istigh agus amuigh dá gcolainn, bhí móid tosta mar choinníoll ar a gcuid rannpháirtíochta, nó chuirfí drochbhail orthu faoi acht na spaireachta. Caitheadh níos measa le príosúnaigh an Gulag sna turgnaimh i saotharlanna rúnda de chuid Aontacht na Sóibhéide mar ar ligeadh nimheanna iomadúla chucu go n-aimseofaí na nimheanna nár fhág aon bhlas nó aon bholadh ceimiceán marfach ina ndiaidh nuair a bhí an marú déanta. Gan trácht ar a liachtaí uair sa stair ar cuireadh cosc ar a leithéidí d'airm 'scáfara déisteanacha nimhiúla', nó na cianta ó shin fiú, tráth ar síníodh an chéad chomhaontú indirnáisiúnta a chuir cosc ar úsáid airm chemiceánacha idir an Fhrainc agus Impireacht Naofa na Róimhe.

Tharla mar sin féin ceann de na timpistí ab aistí a bhain le nimh gáis i gcalafort Bari san Iodáil. Tugtar "Pearl Harbour Beag" air scaití mar gheall ar an ruathar fíochmhar aeir a rinne fórsaí na Gearmáine air, gur fágadh an chathair uilig léirscriosta dá bharr. Ach coinníodh scrios SS John Harvey Mheiriceá i bhfolach ar shúile na staire ar feadh achar fada ó tharla lucht mór millteach Yperite ar bord agus é i gceist é a úsáid mar dhíoltas in aghaidh na nGearmánach dá dtosóidís ar airm cheimiceán a úsáid. Rún faoi ghardáil ghéar ab ea lasta na loinge agus b'in cúis amháin nárbh fhéidir leis an bhfoireann dochtúirí cóir leighis cheart a chur ar an gcéad sé chéad is a fiche a hocht othar a thug tuairisc ar chomharthaí nimhithe, leithéidí daille agus dó ceimiceach. Ní bhfuarthas amach líon na dtaismeach sibialtach i réigiún Bari riamh.

Agus ar Bari a bhí an t-aerárthach iompair as Nadlesk ag tabhairt a aghaidh. "Uair an chloig amháin...beimid ag tuirlingt...uair amháin...Bari," a deir dr Mirko Rakovnik, ar tábhacht leis mar dhochtúir cóir leighis a chur ar an bpíolóta Meiriceánach agus a léiriú freisin go raibh comhaontú bailí idir misiúin mhíleata Mheiriceá agus na páirtiseáin.

Níl teora le buíochas an leifteanaint, cuireann croitheadh láimhe an dochtúra neart ina bhéarla briste, daingníonn an leifteanant an t-eolas ina cheann go ciúin, cloiseann sé plobaireacht ard chainte, caithfidh go bhfuil an dochtúir ag míniú rud éigin do dhuine éigin,

tá duine ag feadaíl poirt ar thaobh a láimhe deise, eisean ag iarraidh an tséis a mheabhrú ina cheann, bhíodh an dream gonta á chanadh, rinne sé féin iarracht é a fhoghlaim fiú, ach níor éirigh leis, b'fhearr leis dá bhrí sin amhráin óna óige a chanadh le Detroit, an Wabash Cannon Ball: From the great Atlantic ocean to the wide Pacific shore/She climbs flowery mountain, o'er hills and by the shore/She's mighty tall and handsome, and she's known quite well by all/ You can set your watch to - the Wabash Cannonball ...

Bhí sé ag gabháil fhoinn go speisialta go bhfanfadh a óige beo bríomhar istigh ann, na tráthnónta aeracha nuair a d'éisteadh a mháthair leis an raidió, agus le dúil go n-éistfeadh sí chomh fonnmhar céanna leisean mhúin sé amhrán de chuid na ndaoine dó féin, faoi thraein shamhailteach, agus chuir fuaim an innill leis, rud a d'fhág go raibh a chuid amhránaíochta fite le gáire a mháthar, mar gur breá an ní i gcónaí gáire a bhaint as mama. Tá seo fíor go speisialta faoi Mháire, Bn Wilkinson, a bhfuil a dúthracht agus a déine tugtha go hiomlán aici do thógáil a beirt mhac.

Caithfead litir a scríobh chuig mo mháthair, go mbeidh a fhios aici nach bhfuilim imithe ag imirt peile os cionn na scamall le mo dheartháir, tagann meangadh air, b'fhéidir go n-inseodh sé di, i dtaom grámhaireachta, gur casadh cailín air in ospidéal na bpáirtiseán, banaltra óg le súile corcarghorma ar nós a cinn féin, agus nach mbacfadh sé a insint di gur chosúil lena héadan aghaidh na mná a chonaic sé nuair a bhí a mheabhair ag teacht chuige i ndiaidh na tuirlingte tubaistí. Seachmall a bhí air, chuimil sé a lámh den chré fhuar gharbh a raibh míriní cloch inti, chomh fíor leis na crainn agus an ghaoth a shéid go bog ar dhónna a chraicinn, á chur in iúl dó go raibh sé beo, ó sea, is uimhir ádhúil í uimhir a seacht, cé go raibh chaon iarracht ar a shúile a oscailt ina stró céadach...Ní shásódh tada é ach féachaint uirthi, ní féidir le híomhá mná imeacht as amharc a dúirt sé leis féin, lean sí den ghíolcaireacht, i dteanga aduain, ní hea, ní gíolcaireacht atá ina teanga, plobaireacht atá inti, fuaráinín ag rith ar chlocha, cé go raibh an bhean ag díriú a méire ar an spéir.

Tito, a pháirtiseáin, a deir sé, cé mar atá cúrsaí - bhí gach aon pharaisiútaí Meiriceánach oilte ar an bparúl seo, comhartha comhghuaillíochta - bhí an bhean ag sméideadh air, thug sí cúnamh dó éirí, bhí sí láidir, lig sé é féin anuas ar a gualainn, dhún a shúile anois is arís fad is a bhí sé ag léim síos agus aníos lena taobh, bhí a chos nimhneach,

ach lean an bhean lena cuid plobaireachta agus tharraing léi é faoi mar a bheadh fhios go maith aici cá raibh a dtriall. De bhrí go raibh sé ag brath uirthi ní raibh sé ar a shuaimhneas, seanbhean ar chosúil lena mháthair í ach ag an am céanna b'fhaoiseamh dó a cheapadh gur ar ghuailí na mná a leagadh cúram a bheatha. Chuir sí isteach i seanstábla bánaithe é, gan aon bheithíoch in aon áit, ach boladh tuí, bhí an bhean ag iarraidh rud éigin a chur i gcéill dó, chroith sé na guailí, céard eile a d'fhéadfadh sé a dhéanamh, bhí an solas ag imeacht as amharc arís, dhún sé a shúile, b'fhéidir gur thit sé ina chodladh, is cinnte gur thit sé ina chodladh, le contráth na hoíche lig aghaidh fir é féin anuas air, caipín ar a cheann, caipín le réalta dearg, ba mhó de sceitimíní a chuir an réalta air ná an fear, fear a réitigh bealach iompair dó ina dhiaidh sin chuig ospidéal na bpáirtiseán.

Réalta, réalta cúig rinn, peinteagram ag fógairt gur cuid den duine an naofacht, siombal de chúig chréacht Chríost, ina gcosaint ar chailleacha agus ar dheamhain, mar a ghealladh Mary Bn. Wilkinson dá mac, tráth a gcuirfeadh sí rúin an chreidimh i gcéill dó agus a múinfeadh sí na cúig bhua ridiriúla dó, agus ar a shon sin tuige nach gcuirfeadh an réalta sceitimíní ar an leifteanant, agus más dearg é mar réalta is comhartha ar chomhghuailithe páirtiseánach é, cé gur baill den Arm Dearg a chaith den chéad uair é chun conair bhucach an tsóisialachais a leathadh, agus díreach sular bunaíodh Aontas na Sóibhéide bhain roinn eitleoireachta Arm na S.A. leas as ar a gcuid eitleán freisin, ar a gcuid traseitiltí os cionn mháirseálacha an réabhlóidí Meicsiceach Pancho Villa, athrú spésiúil ar shiombail an chaint a labhair duine d'oifigigh an aerfhórsa ag a champa aclaíochta, áit ar múineadh d'earcaigh, i measc nithe eile, an tábhacht a bhain le siombail a aithint ag an nóiméad cuí. Agus b'in é an nóiméad cuí.

Cuireadh faoi bhrat fada dorchadais na laethanta uilig eile a caitheadh in ospidéal na bpáirtiseán, ba é an t-athrú rialta ar bhindealáin i rith na maidne an t-aon bhealach a léireofaí an t-athrú lae dó go dtí maidin amháin, deich lá i ndiaidh thuairteáil a eitleáin, bhain dr. Mirko Rakovnik na bindealáin de, agus b'fhaoiseamh dó a shúile a chaochadh sa solas, Detroit a fheiceáil den chéad uair, an fear a rinne súchas dó ó tháinig sé anseo lena chuid amhránaíochta agus a chuid scéalta mianadóireachta, seachas an t-am a gcuireadh sé cruacheisteanna air agus é i gcomhlúadar,

fear le glór grágach ar theastaigh uaidh fios a bheith aige cérbh as é, cá raibh a thriall, tuige agus cén fáth gur shíl sé gur faoi cheistiú a bhí sé, ach gur fhreagair sé go stuama é, ní raibh tada nár cheart a lua ar aon chaoi. Agus amanta bhí amhras air ar thuig Detroit gach a ndúirt sé leis. Ach ba chuma faoi sin uilig go dtí an pointe ar thug sé banaltra na súl corcarghorm faoi deara, ar baineadh tuisle aisti ag a leaba, chuir sí eascaine nó a leithéid aisti gur chuir Detroit straois go dtí an dá chluais air féin sa leaba lena thaobh, d'fheidhmigh sé mar aistritheoir don bheirt acu gur thosaigh sí féin ag labhairt leaganacha cainte Béarla, faoi mar a bheadh sí ag iarraidh i bhfad níos mó ná gnáthchomhrá a dhéanamh leis, gan a bheith i dtuilleamaí na gcúpla focal, leaba, bia, grian, súile, srón, réalta.

Níor fhág mé slán aici, tá diomú ar an leifteanant John Wilkinson, an lá a raibh sé ag imeacht ní fhaca sé í, bhí sé ina dheifir, nó bhí sí ansin tráth ar chuireadar an dallóg air agus ar aistríodar ar shínteán é, ó tharla a chos a bheith fós i dteanntán adhmaid, mar mhalairt ar chásalach, díreach mar a bhí na bolgaim bhranda luibhe ina malairt ar phianmhúcháin, d'imigh an phian go míorúilteach gach lá a dteagmhaíodh sé le géag láimhe na banaltra. Géag a bhanaltrasa. Cén dochar má thug sí aire do dhaoine eile thart uirthi, shuíodh sí tamaillín níos faide ar a leabasa, is cinnte go raibh sé níos faide, nó sin ní dhéarfadh Detroit leis 'go raibh a súil aici air', chuir sin meangadh air, mar go dtiteann nithe iontacha amach, le linn cogaidh fiú.

Agus anois tugann sé a gáire chun cuimhne arís, racht de gháire an tráth a mbíodh sí ag iarraidh focail Bhéarla a fhoghlaim, go tobann brathann sé gur thosaigh an t-eitleán ag ísliú, tá an creathadh air arís, tá comhordanáidí Bari ar eolas aige, 16° 45' 57", 41° 08' 21", tugann sé faoi na huimhreacha arís, íslíonn an t-eitleán, fuílleach dorchadais, cuireann sé a lámh i dtreo an bhindealáin ach tá dhá lámh níos tapúla ann roimhe, scaoileann lámha cailín aitheantais a shúile ón laincis, ligeann sé gáir iontais: "Martina!"